



Post	Cumaráid agus Poiblíochta an Chiste Eorpaigh Muirí, lascaigh agus Dobharshaothraithe (AOF)
Conradh	Conradh sainchuspóra sealadach ar feadh uastréimhse suas go dtí an 31 Nollaig 2027 (EMFAF)
Grúpa Seirbhíse	Forbairt agus Nuálaíocht (An Fhoireann Cumarsáide)
Áit	Ceannoifig BIM, Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

Cur síos gairid ar BIM:

Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht lascaigh Mhara, 1952). Is é BIM gníomhaireacht Stáit na hÉireann atá freagracht as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt.

Tá sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na cúig phríomhthosaíocht straitéiseacha seo a leanas:

1. Inbhuanaitheacht
2. Scileanna
3. Nuálaíocht
4. Iomaíochas
5. Ceannaireacht

Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é BIM.

Tá sé aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí um Fhorbairt Scileanna, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha agus Cumarsáid Corparáideach. Is i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath atá Ceannoifig BIM lonnaithe. Chun tacú leis an earnáil Bia Mara, tá foireann BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail cois cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, agus oifigí i nGaillimh agus sna Cealla Beaga san áireamh. Chomh maith leis sin tá dhá choláiste oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí. Ar deireadh, tá SIH (Mol Nuálaíochta Bia Mara) BIM lonnaithe i gCloch na Coillte, Co. Chorcaí, áit a dtacaíonn sé le nuálaíocht agus le hinbhuanaitheacht i dtionscal bia mara na hÉireann.

Misean BIM

Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

Tuairisc ar Ghrúpa Seirbhíse cuí:



An tAonad um Sheirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta

Is é aidhm an Aonaid um Sheirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta ná earnáil bia mara chliste agus ghlas a dhéanamh de Bhia Mara na hÉireann a chruthaíonn rathúnas agus fostaíocht in Éirinn. Oibríonn muid chun an méid sin a bhaint amach trí chur chuige comhtháite a ghlacadh i dtaobh forbairt gnó lena n-áirítear nuálaíocht treoraithe ag an margadh agus forbairt táirge nua i Mol Nuálaíochta Bia Mara BIM. Cuidíonn muid freisin le fás agus forbairt cuideachtaí trí infheistíocht agus bealach chuig an margadh comhoibrithe. Tá ár bhfoireann ilchineálach tiomanta do thacú le fás earnáil bia mara na hÉireann sa bhaile agus sna margai easpórtála. Tá foireann Cumarsáide BIM laistigh den aonad sin.

Forléargas ar an bhFoireann Cumarsáide

Tá an fhoireann cumarsáide freagrach as an straitéis chumarsáide a dhearadh agus a chur i bhfeidhm, a chuidíonn leis an Straitéis Chorporáideach agus Pleananna Feidhmíochta a chur ar fáil. Réimsí aschuir lena n-áirítear: cumarsáid ar líne; na meáin shóisialta; caidreamh leis na meáin chumarsáide; brandáil, priontáil agus dearadh; caidreamh poiblí chomh maith le for-rochtain agus imeachtaí.

Achoimre ar an Ról:

Is é ról Oifigeach Faisnéise agus Poiblíochta an EMFAF (An Ciste Eorpach Muirí, lascaigh agus Dobharshaothraithe) torthaí mhaoiniú EMFAF a chur chun cinn tríd BIM agus ardán a thabhairt do thionscadail agus tionscnaimh atá maoinithe trí chlár BIM. Mar chuid den ról seo beidh cur chun cinn rannpháirteach agus eolasach a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí EMFAF trí úsáid a bhaint as ardáin éagsúla ar líne agus ar na meáin shóisialta, agus tuairiscí, ríomhirisí agus preasráitis a ullmhú d'fhonn tionchar mhaoiniú EMFAF tríd BIM in Éirinn a chur in iúl do lucht spéise ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach araon laistigh d'Éirinn. Príomhghné den ról is ea caidrimh oibre éifeachtacha a bhunú agus a choinneáil le deontaithe agus go sonrach le FLAG (An Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta lascaigh), Boird, eagraíochtaí meán cumarsáide agus comhghleacaithe in BIM, ag obair go comhoibríoch agus go cruthaitheach d'fhonn tionchar mhaoiniú EMFAF a chur chun cinn chomh maith agus féidir.

Is ról tacaíochta é an ról seo chun cuspóirí an EMFAF a chur i bhfeidhm.

Cúlra leis an Riachtanas:

Is é BIM gníomhaireacht Stáit na hÉireann a bhfuil freagracht air as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Tacaíonn sé le tionscal bia mara na hÉireann agus le pobail chun cinntiú go mbaintear leas as acmhainní uisceacha agus muirí ar bhealach atá inbhuanaithe.

Tá maoiniú faighte ag Éirinn faoin EMFAF (An Ciste Eorpach Muirí, lascaigh agus Dobharshaothraithe) chun tacú an EMFAF a chur i bhfeidhm a mbeidh a leanas mar thoradh air:-

- Farraigí agus aigéin atá sláintiúil, sábháilte agus bainistithe go hinbhuanaithe
- Slándáil an tsoláthair bia tríd an soláthar táirgí bia mara
- Forbairt geilleagair ghoirm inbhuanaithe

Is é Rannán na gClár Mara sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) a bheidh freagrach as forbairt agus cur i bhfeidhm Chlár Forbartha Bia Mara 2021 - 2027. Tiocfaidh an Ciste Eorpach Muirí, lascaigh agus Dobharshaothraithe (EMFAF) 2021-2027 in ionad an Chiste Eorpach Muirí agus lascaigh (EMFF) 2014-2020.



Tá Éire chun maoiniú AE thart ar €142 milliún a fháil ón EMFAF nua a bheidh cónasctha le cómhaoiniú ó Rialtas na hÉireann. Leithdháilfear na cistí seo chun iascaigh, do Bharshaothrú agus cabhlaigh iascaigh a bhainistiú, agus úsáidfear an chuid eile den mhaoiniú chun bearta ar nós comhairle eolaíochta, rialuithe agus seiceálacha, faisnéis faoin margadh, faireachas muirí agus slándáil mhuirí, a chumhdach. Is príomhfhócas de chuid an EMFAF é geilleagar gorm inbhuanaithe a fhorbairt agus éilítear faoin Rialúchán go gcuirfidh tacaíocht faoin gclár le cuspóirí maolaithe agus oiriúnaithe timpeallachta agus athraithe aeráide an Aontais Eorpaigh a bhaint amach.

Príomhthascanna:

- Straitéis cumarsáide an EMFAF a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i gcomhar lena chéile d'fhonn tacú le straitéis agus cuspóirí eagraíochtúla foriomlána BIM.
- Ábhar EMFAF atá tarraingteach agus eolasach a fhorbairt trí úsáid a bhaint as ardáin thraidisiúnta agus as ardáin ar líne agus meán sóisialta lena n-áirítear tuairiscí, ríomhírisí agus preasráitis d'fhonn tionchar EMFAF tríd BIM a chur in iúl ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach.
- Caidrimh oibre éifeachtacha a bhunú agus a choinneáil le deontaithe agus go sonrach le Boird FLAG, eagraíochtaí meán cumarsáide agus comhghleacaithe in BIM.
- Maoiniú EMFAF agus an ról atá ag boird FLAG ina chomhlacht forfheidhmiúcháin tábhachtach EMFAF a chur chun cinn.
- Ábhar físeáin a choimisiúnú do na meáin shóisialta.
- Caidrimh mhaithe oibre a choinneáil le heagraíochtaí meán cumarsáide.
- Oibriú i gcomhar le comhghleacaithe in BIM d'fhonn íomhá phoiblí aontaithe a chinntiú don eagraíocht.
- Oibriú le Boird FLAG agus le foirne laistigh de BIM d'fhonn imeachtaí poiblí agus bolscaireachta a eagrú agus a óstáil.
- Bainistiú i gcomhar a dhéanamh ar chaidrimh meán sóisialta lena n-áirítear taighde a dhéanamh ar ábhar meán sóisialta agus an t-ábhar sin a chruthú agus freagairt éifeachtach a thabhairt ar fhadhbanna agus ceisteanna ó na meáin agus mar sin de.
- Polasaithe agus treoirlínte cumarsáide a fhorbairt agus/nó a thabhairt cothrom le dáta.

Eile:

- Dualgais ghaolmhara ar bith eile a d'fhéadfaí a éileamh de réir mar is réasúnach agus a shannadh ó am go ham a chomhlíonadh

Struchtúr Tuairiscithe:

An Bainisteoir Cumarsáide/An Stiúrthóir Forbartha agus Nuálaíochta.

Teagmhálaithe:

Laistigh de BIM

An Stiúrthóir Forbartha agus Nuálaíochta, An Fhoireann Cumarsáide, An Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, An Fhoireann Seirbhísí Infheistíochta, Foireann BIM atá freagrach as deontais EMFAF.

Lasmuigh de BIM



Boird FLAG, cliaint, na meáin chumarsáide, DAFM.

Oiliúint

Níl aon oiliúint éigeantach de dhíth. Déanfar riachtanais oiliúna a aithint tríd an gCóras Bainistithe Feidhmiúcháin atá againn.

Oideachas, Cáilíochtaí Gairmiúla nó Teicniúil, Eolas, Scileanna, Inniúlachtaí, Taithí agus Oiliúint

Riachtanach:

- Tá céim 3^ú leibhéal de dhíth. Mar sin féin, bheadh buntáiste ag an té a bhfuil céim acu i gCumarsáid, san Iriseoireacht nó i réimse ghaolmhar.
- Taithí roimhe seo i ról cumarsáide.
- Sárchumas cumarsáide scríofa agus ó bhéal.
- Eolas ar uirlisí agus tuairisciú anailíseach meán sóisialta.
- Sárscileanna scríbhneoireachta, cumarsáide agus cuir i láthair agus fíorinniúil i ndáil le cóipscríbhneoireacht, eagarthóireacht agus profléitheoireacht.
- Scileanna láidre idirphearsanta agus an cumas caidrimh ghairmiúla éifeachtúla a chothú.
- Ardleibhéal litearthachta ríomhairí lena n-áirítear pacáistí bogearraí caighdeánacha Microsoft Office a úsáid, bogearraí bainistithe gréasáin agus ábhair chomh maith le huirlisí meán sóisialta
- Ábalta oibriú gan mhairseacht, dírithe ar réitigh a fháil agus cumas maith treallúis agus réitigh fadhbanna.

Inmhianaithe:

- Taithí roimhe seo i gcumarsáid nó i gcaidreamh poiblí i dtimpeallacht earnála poiblí.
- Eolas ar fhísléiriú agus ar eagarthóireacht.
- Líofacht sa Ghaeilge.
- Ceadúnas tiomána iomlán.

Tréithe pearsanta speisialta atá de dhíth don phost:

- Scileanna maithe i dtaobh féin-eagrúcháin agus tosaíochtaí a leagan amach, agus cumas tosaíochtaí iomadúla a bhainistiú
- Ábalta a bheith ag obair go neamhspleách agus mar bhall foirne éifeachtach araon, a léiríonn treallús agus cruthaitheacht.
- An-aird ar mhionsonraí.
- Scileanna maithe idirphearsanta agus cumarsáide, ábalta idirghníomhú go héifeachtach le daoine i dtimpeallacht ildisciplíneach agus ilchultúir.
- Luach ar eolas a roinnt agus ar fheabhas leanúnach i dtimpeallacht chomhoibríoch mheasúnaithe agus foghlama.
- Taithí a bheith ag obair i gcomhar le heolaithe agus baill d'fhoireann teicniúil.



Tuarastal:

Ag grád Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a bheidh an luach saothair i gcomhréir le Scála Tuarastail ceadaithe na Roinne Airgeadais don Earnáil Phoiblí, le raon tuarastail €50,845 - €64,038 (amhail an 1 Feabhra 2022) in aghaidh na bliana pro-rata i ndáil leis an am a bheidh oibrithe. Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huairé (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann siad cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil phoiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

Saoire Bhliantúil:

Is é 29 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheidh ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

Fad an Chonartha:

Clúdóidh an Conradh fostaíochta sainchuspóra sealadach an tréimhse suas go dtí deireadh an 31 Nollaig 2027. Cuirfidh an t-iarratasóir a n-éireoidh leis tréimhse phromhaidh isteach le linn na chéad sé mhí den chonradh.

An tSlí le hiarratas a dhéanamh

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a [Foirm Iarratais Folúntais BIM](#) chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie nó a sheoladh sa phost chuig Rannóg Acmhainní Daonna BIM, 12 Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

Is é 5 p.m. an 2 Deireadh Fómhair 2022 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais.

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheidh i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie.

Úsáid Sonraí - Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scriosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

Is fostóir comhdheiseanna é Bord Iascaigh Mhara

